Redacted Personal Info

28 JUL 2021
GALWAY COUNTY COUNCIL

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Áras an Chontae,
Cnoc na Radharc,
Gaillimh

**Tagairt:** **Dréacht Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028 – Appendix 1: Straitéis Fuinnimh Inathnuaite**

**Le cur i gcoinne an chriosála molta "Acceptable in Principal" agus "Open to Consideration" do thograí fuinneamh gaoithe i gceantar Chois Fharraige.**

A chara,

Táim i mo chónaí i gceantar na Minna agus tá talamh againn freisin sna criosanna d'fhorbairtí fuinnimh gaoithe i gceantar Cois Fharraige agus ba mhaith liom cur i gcoinne an chriosála atá molta - "Acceptable in Principal"/"Open to Consideration" do thograí fuinneamh gaoithe sa cheantar. Ba cheart an ceantar a fhágáil mar "Not normally Permissable".

Moltar go leor ceantair bheaga idir an Spidéal agus na Minna a chriosáil ar mhaithe le tograí fuinneamh gaoithe. Níl na ceantair bheaga seo ceangailte agus tá an cuma ar an scéal go bhfuil iarracht á dhéanamh aon talamh bán atá ann idir na bailte fearainn agus na suíomhanna Natura 2000 a chriosáil ar mhaithe le tuirbíní gaoithe. Níl an cur chuige seo ceart. Tá go leor muilte gaoithe fuinnimh gaoithe i gceantar Cois Fharraige agus is dóigh linn gur méid leordhóthanach é seo le leithdháileadh ar aon limistéar.

Tá an ceantar seo aitheanta i bpleananna náisiúnta agus i bpleananna an Comhairle Chontae mar ceantar láidir, Gaeltachta. Tá sé mar aidhm ag an Stát agus ag an gComhairle Chontae pobal na háite seo a láidriú agus a neartú ar mhaithe leis an Gaeilge a chur chun cinn. Mar cuid de seo tá sé ríthábhachtach go mbeadh pobal beo, beathaíoch sa cheantar, le daonra inmharthana. Leis an criosáil molta seo ar imeall na bailte fearann ba cheart measúnú teangeolaíocht a dhéanamh ar an tionchar a bheidh aige seo ar daonra an ceantar amach anseo; nuair a cuireann an criosáil do muilte gaoithe as don chéad glúin eile tithe a thógáil nó bheith ina gcónaí sa cheantar.

Tá na ceantair atá molta don fhuinneamh gaoithe buailte ar thithe atá ann cheana féin. Tá sé mífhreagrach ceantair a chriosáil "Acceptable in Principal"/"Open to Consideration" nuair nach mbeadh said in ann cloí leis na rialacha maidir leis an fhad ó thithe. Ag tógáil san áireamh an spás mór folamh ar fad atá i gContae na Gaillimhe, airíonn muid go bhfuil sé

míċeart ceantair mar seo atá buailte ar thithe agus ar phortachagus ina bhfuil daoine ina gcónaí, ag baint móna agus ag siúl a chriosáil ar mhaithe le fuinneamh gaoithe.
Tá SAC (002034) an Connemara Bog Complex buailte go díreach ar teorainneacha na gceantar atá á moladh le criosáil do fhuinneamh gaoithe. Is ceantar iontach tábhachtach é an SAC.Ní féidir glacadh leis go mbeadh ceantair atá buailte go díreach ar an SAC criosáilte ar mhaithe le tograí fuinnimh gaoithe a fhorbairt. Tá an cuma ar an scéal go bhfuiltear ag moladh aon cheantar gan tithe agus roinnt le tithe, nach bhfuil san SAC a chriosáil mar "Acceptable in Principal"/"Open to Consideration" ar mhaithe le fuinneamh gaoithe. Tá baol mór ag baint leis an gcur chuige scaipthe, neamhchomhordaithe seo buailte go díreach ar imeall an SAC. Beidh sé iontach deacair ar éinne atá ag déanamh measúnú timpeallachta ar thogra aonarach gaoithe sa cheantar, léargas ceart a thabhairt ar an éifeacht tiomsaitheach a bheidh ag na tograí difriúil seo a beidh ar fad buailte ar imeall an SAC sa cheantar.

Tá tírdhreach an cheantair aitheanta mar thírdhreach "Speisialta". Ba cheart go gcuirfeadh an rangú seo srian ar an gcriosáil "Acceptable in Principal"/"Open to Consideration" do thuirbín gaoithe. Creideann muid nach bhfuil sé cóir an tírdhreach speisialta seo a chriosáil do fhorbairt muilte gaoithe. Is portach go leor don talamh atá i gceist leis an gcriosáil seo agus tá dlúthcheangal ag an talamh seo le hoidhreacht agus cultúr na háite. Luaitear a leithéid i Mír 5.6 den Straitéis Fuinnimh Inathnuaite faoin mír Oidhreacht & Turasóireach Ailtireacht & Seandálaíochta. Tá sé rí thábhachtach nádúr an tírdhreacha seo a chaomhnú mar go bhfuil sé mar chuid lárnach de stair agusde chultúr an cheantair.

Tá an tírdhreach atá ó thuaidh den R336 sa cheantar réasúnta cothrom agus oscailte beidh éifeacht mhór ag aon fhorbairt tuirbín gaoithe ar radharc agusar chuma an cheantair. Tá na ceantair mholta róghar do na bailte fearainn, do thithe daoine agus don R336 (atá mar chuid lárnach de Slí an Atlantaigh Fhiáin) le gur féidir le muilte gaoithe bheith ag teacht leis an tírdhreach.

Is mise le meas

Máirtín Ó Scanláin